Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2016**
**(OR. en)**

**11239/16**

**COAFR 221**
**CFSP/PESC 619**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Iúil 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11213/16 |
| Ábhar: | An tSúdáin Theas<br>- Conclúidí ón gComhairle (18 Iúil 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSúdáin Theas, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3482ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 18 Iúil 2016.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSúdáin Theas**

1. Is le hiomlán a dhíchill a cháineann an tAontas Eorpach an méadú a tháinig le deireanas ar an troid sa tSúdáin Theas maille leis na hionsaithe ar an bpobal sibhialtach, ar láithreáin Chosaint na Sibhialtach (PoC), ar champúin agus ar fhoireann de chuid na Náisiún Aontaithe (NA) ar oifigigh taidhleoireachta agus ar oibrithe cabhrach. Maraíodh go leor daoine sa diantrodaíocht agus is eagal anois go bhféadfadh líon mór daoine eile bás a fháil dá leanfaí leis an bhforéigean.

2. Caithfear gníomhú gan mhoill i bhfianaise thromchúis na staide. Ní mór a sheachaint go dtiocfadh aon mhéadú ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair.

3. Tá ceannairí na Súdáine Theas, go háirithe an tUachtarán Kiir agus Leas-Uachtarán Machar, freagrach os comhair a bpobail agus níor cheart go rachadh siad i muinín an fhoréigin ná i muinín pholaitíocht na coimhlinte eitní. Ní mór dóibh anois gach a bhfuil ar a gcumas a dhéanamh chun an lasóg a bhaint den bharrach, saoránaigh na Súdáine Theas a shlánú óna thuilleadh foréigin, agus páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Réiteach ar an gCoimhlint i bPoblacht na Súdáine Theas, comhaontú atá sínithe ag na páirtithe uile.

   Tá sé d'fhreagracht ar na ceannairí ar gach taobh a bhfórsaí a choinneáil faoi smacht agus an sos cogaidh a leag siad féin síos a urramú. Ní mór do na páirtithe go léir staonadh ó aon ghníomhartha aontaobhacha lena bhféadfaí an Comhaontú ó mhí Lúnasa 2015 agus na sosanna cogaidh a chur i mbaol. Mar mhórthosaíocht phráinne, caithfear díriú anois ar an gcur chun feidhme, agus béim ar leith ar na gnéithe slándála, go háirithe dímhíleatú Juba.

4. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach an fhreagairt phras agus dhiongbháilte a fuarthas ón Údarás Idir-Rialtasach ar Fhorbairt (IGAD) i ndiaidh Chruinniú Mullaigh IGAD Plus i Kigali an 16 Iúil 2016, ón Aontas Afracach (AA) agus ó na tíortha sa réigiún. Tacaítear leo ina gcuid iarrachtaí cuiditheacha chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim, in éineacht le hArdionadaí an Aontais Afracaigh don tSúdáin Theas agus Cathaoirleach an Choimisiúin Chomhpháirtigh Faireacháin agus Meastóireachta (JMEC). Is díol sásaimh don Aontas an plé atá ag dul ar aghaidh féachaint an féidir an staid a chobhsú agus mar chuid den méid sin fórsa réigiúnach cosanta a imscaradh agus meastar gur den chéadphráinn é tús a chur in athuair le próiseas polaitiúil.

5. Seasann an tAontas Eorpach le comharsana na Súdáine Theas agus an comhphobal idirnáisiúnta agus iad ag iarraidh an tsíocháin agus an chobhsaíocht a athbhunú go tapa, lena n-áirítear deireadh a chur le meirleachas agus creachadh. Ní mór tús áite a thabhairt freisin do chosaint na sibhialtach, agus do chosaint fhoireann na Náisiún Aontaithe, oibrithe cabhrach agus a gcuid áitreamh, agus ní mór iad siúd is cúis leis an babhta is déanaí trodaíochta a thabhairt os comhair cúirte.

   Caithfear cuntasacht a bheith ann i ndáil leis na hainghníomhartha a rinneadh sa tSúdáin Theas, mar atá leagtha síos sa Chomhaontú agus mar a dhearbhaigh Comhairleoir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Cinedhíothú a Chosc. Ní mór tús a chur gan mhoill le himscrúdú agus ionchúiseamh na gcoireanna sin faoin dlí idirnáisiúnta, agus ní mór deireadh a chur le saoirse ó phionós. Sa chomhthéacs sin, iarrann an tAontas Eorpach go mbunófaí an Chúirt Hibrideach don tSúdáin Theas gan mhoill agus go gcuirfí tús le próiseas náisiúnta athmhuintearais agus cneasaithe.

6. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach a chuid tacaíochta le Misean na Náisiún Aontaithe i bPoblacht na Súdáine Theas (UNMISS) agus is díol sásaimh dó an plé atá ag dul ar aghaidh i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir lena neartú tuilleadh le go mbeidh an Misean agus an comhphobal idirnáisiúnta in ann an foréigean a chosc sa tSúdáin Theas agus le go mbeifear in ann freagairt dó agus in ann an pobal sibhialtach a chosaint. Tacaíonn an tAontas freisin le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus é ag iarraidh ar an gComhairle Slándála lánchosc arm a fhorchur ar an tSúdáin Theas agus smachtbhannaí spriocdhírithe breise a fhorchur ar na ceannairí agus na ceannasaithe atá ag cur bac ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Síochána. Tá an tAontas réidh chun breithniú ar thuilleadh smachtbhannaí a fhorchur i gcoinne aon duine a chuirfidh bac ar phróiseas na síochána. Meabhraíonn sé dó an ranníocaíocht mhór polaitiúil agus airgeadais a rinne sé leis an tSúdáin Theas.

7. Áitíonn an tAontas ar gach páirtí a cheadú go gcuirfí cúnamh daonnúil iomlán ar fáil ar bhealach slán, gan bhacainn, dóibh siúd ar fad atá i ngátar, i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus go n-éascófaí dáileadh an chúnaimh sin. Tá an tAontas Eorpach tar éis a bheith go mór chun tosaigh sa fhreagairt don ghéarchéim seo de dhéantús an duine sa tSúdáin Theas, ar ceann de na géarchéimeanna is measa ar domhain anois í. Tá pobal na Súdáine Theas thíos go mór de bharr na drochíde tromchúisí a raibh na fórsaí slándála agus an mílíste páirteach inti agus a raibh foréigean inscne agus easáitiú éigeantach mar chuid di go háirithe. Tá an tSúdáin Theas thíos freisin leis an ngéarchéim is measa bia a bhuail í ó bhain sí neamhspleáchas amach. Faoi láthair tá an Coimisiún Eorpach i mbun acmhainní breise a chur ar fáil chun go laghdófar an anacair atá orthu siúd a bhfuil cúnamh daonnúil tarrthála de dhíth orthu. Molann an tAontas Eorpach na tíortha comharsanachta uile as a dteorainneacha a choinneáil ar oscailt agus as dídeanaithe a theith ón bhforéigean sa tSúdáin Theas a ghlacadh isteach, agus tá súil aige go n-urramóidh rialtas na Súdáine Theas an saorghluaiseacht daoine.